AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2026
COM(2026) 400 final

2026/0220 (BUD)

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFionlainn – EGF/2026/003 FI/Valmet Automotive**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), leagtar síos iad i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1].
2. An 5 Bealtaine 2026, thíolaic an Fhionlainn iarratas EGF/2026/003 FI/Valmet Automotive, arb iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED é, de dheasca iomarcaíochtaí in Valmet Automotive agus i gcúig fhochonraitheoir agus sholáthróir san Fhionlainn.
3. Iar mheasúnú an iarratais sin don Choimisiún, ba é a chinn sé, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme i Rialachán (AE) 2021/691, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

## ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2026/003 FI/Valmet Automotive |
| Ballstát | an Fhionlainn |
| Na réigiúin is mó lena mbaineann (Leibhéal 2 NUTS[2]) | Länsi-Suomi (FI19) |
| An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach | 5 Bealtaine 2026 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas | 5 Bealtaine 2026 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | 21 Bealtaine 2026 |
| An sprioc-am chun an fhaisnéis bhreise a sholáthar | 12 Meitheamh 2026 |
| An sprioc-am chun an measúnú a chur i gcrích | 24 Lúnasa 2026 |
| An critéar idirghabhála | Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691 |
| An príomhfhiontar | Valmet Automotive Oyj |
| An líon fiontar lena mbaineann | 6[3] |
| Earnáil gníomhaíochta eacnamaíche an phríomhfhiontair (rannán de NACE Athbhreithniú 2)[4] | Rannán 29 (Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí) |

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

[2] Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

[3] Tharla na hiomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha sa phríomhfhiontar agus i soláthróir amháin, agus lasmuigh den tréimhse thagartha i gceithre fhochonraitheoir.

[4] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

| | |
|---|---|
| An líon fochonraitheoirí agus soláthróirí | 5 |
| An tréimhse thagartha (4 mhí): | 2 Nollaig 2025 – 2 Aibreán 2026 |
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*) | 239 |
| An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (*b*) | 21 |
| An líon iomlán iomarcaíochtaí (*a* + *b*) | 260 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 260 |
| An líon iomlán tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu | 233 |
| An buiséad le haghaidh seirbhísí pearsantaithe (EUR) | 663 850 |
| An buiséad chun CED[5] a chur chun feidhme (EUR) | 20 000 |
| An buiséad iomlán (EUR) | 683 850 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR) | 410 310 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 5 Bealtaine 2026, thíolaic an Fhionlainn iarratas EGF/2026/003 FI/Valmet Automotive laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas an dáta céanna, agus an 21 Bealtaine 2026, d'iarr sé faisnéis bhreise ar an bhFionlainn. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An spriocdháta 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a chur i gcrích ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratas na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar, rachaidh an spriocdháta sin in éag an 24 Lúnasa 2026.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 239 n-oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Valmet Automotive, agus le ceann dá sholáthróirí. Oibríonn an príomhfhiontar san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 29 de NACE Athbhreithniú 2 (Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí). Rinneadh na hiomarcaíochtaí i réigiún NUTS 2 Länsi-Suomi (FI19).

| **Na fiontair agus an líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha** | |
|---|---|
| Valmet Automotive Oyj (Monarú mótarfheithiclí) | 230 |
| Compass Group Finland Oy (Gníomhaíochtaí freastalaithe bia agus dí) | 9 |
| **An líon iomlán fiontar: 2** **An líon iomlán** | **239** |

5 I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691.

| Na fiontair agus an líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha |
|---|
| iomarcaíochtaí: |

*Na critéir idirghabhála*

6. Thíolaic an Fhionlainn an t-iarratas faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear go ndéanfar gníomhaíocht 200 oibrí iomarcach ar a laghad a scor le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe iomarcacha i soláthróirí agus i dtáirgeoirí iartheachtacha.

7. Maireann an tréimhse thagartha 4 mhí le haghaidh an iarratais ón 2 Nollaig 2025 go dtí an 2 Aibreán 2026.

8. Bhí 239 n-iomarcaíocht ann le linn na tréimhse tagartha.

*Na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh*

9. De bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 5, an chéad mhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/691, is ó dháta an fhógra aonair a ríomhadh scor ghníomhaíochtaí na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha.

*Tairbhithe incháilithe*

10. Sa bhreis ar na hoibrithe a ndearnadh tagairt dóibh cheana, áirítear leis na tairbhithe incháilithe 21 oibrí iomarcacha ar tháinig deireadh lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse thagartha 4 mhí nó dá héis. Chuir na hoibrithe sin uile deireadh lena ngníomhaíocht laistigh de 6 mhí roimh thús na tréimhse tagartha an 2 Nollaig 2025 nó idir deireadh na tréimhse tagartha agus an lá roimh ghlacadh an togra seo, de bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691. Is féidir nasc cúisíoch soiléir a dhéanamh leis an teagmhas lenar tionscnaíodh scor ghníomhaíocht na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, an dara mír, de Rialachán (AE) 2021/691.

11. Is é 260 oibrí an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*Tuairisc ar na teagmhais as ar eascair na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta*

12. Bhí an staid airgeadais agus an fhostaíocht in Valmet Automotive, atá ina mhonaróir ar conradh sa tionscal gluaisteán, ag brath riamh anall ar chonarthaí ar théarma seasta le monaróirí móra gluaisteán, agus dá bhrí sin, tá an staid airgeadais agus an fhostaíocht ann faoi réir luaineachtaí.

13. Mar gheall ar an sleabhcadh domhanda sa tionscal gluaisteán atá ann le tamall de bhlianta anuas, tá deacrachtaí ag an gcuideachta agus b'éigean di a pearsanra a laghdú de réir a chéile, ó bheagán faoi bhun 3 200 go luath in 2020 go dtí thart ar 1 300 sular tharla na hiomarcaíochtaí is déanaí[6].

14. Tar éis dheireadh an chonartha dhá shamhail le Mercedes-Benz in 2025, ní raibh aon ordú ag an monarcha a thuilleadh, rud a d'fhág go raibh gá le laghdú foirne nua a dhéanamh inti. Sa chaibidlíocht chomhair i mí na Samhna 2025, d'fhógair an chuideachta go ndífhostódh sí 235 dhuine ar a mhéad agus go leagfadh sí 860 duine

[6] Nuachtán Turun Sanomat 12.11.2025.

as a bpost go sealadach. Ar ndóigh, tá tionchar á imirt ag staid dheacair na cuideachta ar an slabhra fochonraitheoireachta ina iomláine.

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí a mhéid a bhaineann leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus leis an bhfostaíocht*

15. Tá an réigiún trí chéile thíos go mór leis na babhtaí nua leagan as foirne agus iomarcaíochtaí mórscála i monarcha gluaisteán Valmet Automotive Uusikaupunki, arb é an fostóir is mó i bhfad sa réigiún é. An spleáchas mór ar an ngléasra gluaisteán i bhforéigiún Vakka-Suomi, cruthaíonn sé dúshláin nach beag don staid sa réigiún, atá deacair cheana féin.

16. D’ardaigh an ráta dífhostaíochta in Vakka-Suomi go dtí 12,2 % i mí na Nollag 2025, ráta atá 1,7 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí an bhliain roimhe sin[7]. I measc cuardaitheoirí poist óga (faoi bhun 25 bliana d’aois), shroich an ráta dífhostaíochta 17,3 %, ráta atá ina mhéadú 4,2 pointe céatadáin bliain ar bhliain[8].

17. Ós rud é gur réigiún é Länsi-Suomi atá dírithe ar onnmhairí, is mó atá sé thíos le luaineachtaí agus éiginnteachtaí sa gheilleagar domhanda ná réigiúin eile. Ráta fáis na dífhostaíochta in Länsi-Suomi, tá sé ar an tríú ráta is tapúla sa tír, agus tháinig méadú beagnach 15 % air ó 2024 go 2025[9]. An ráta dífhostaíochta a bhí ann i mí na Nollag 2025, is é sin, 12.3 %, tá sé fós faoi bhun an mheáin náisiúnta. Mar sin féin, an méadú atá tagtha ar líon na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, mar atá, méadú 39 % ó bhí 2024 ann, sin an leibhéal is airde dífhostaíochta dá raibh ann riamh[10]. Tá méadú seasta ag teacht ar an dífhostaíocht ar fud na tíre; ba é 13,0 % an ráta dífhostaíochta i mí na Nollag 2025[11], agus tá moill tagtha ar an éileamh ar shaothar le cúpla bliain anuas.

18. Tá staid na gcuideachtaí is mó sa réigiún réasúnta cobhsaí, ós rud é go bhfuil go leor cuideachtaí toilteanach fós infheistíocht a dhéanamh agus féachaint le fás. Roinnt de na hoibrithe a bhris Valmet Automotive as a bpost, d’fhéadfaidís post a aimsiú i gcuideachtaí eile sa réigiún trí oiliúint nó trí bhearta tacaíochta eile.

19. Tá iarracht déanta ag Valmet Automotive a chuid oibríochtaí a leathnú chuig réimsí nua. Shínigh sé litir intinne le Patria, príomhchuideachta teicneolaíochta cosanta na Fionlainne, agus ghnóthaigh sé ordú beag chun feithiclí armúrtha a chóimeáil. Má éiríonn le Valmet Automotive aistriú chuig teicneolaíocht cosanta agus slándála, d’fhéadfadh an chuideachta a bheith in ann cuid mhór dá fostaithe iomarcacha a fhostú arís. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach don chuideachta agus do réigiún Uusikaupunki araon cumas oibre na ndaoine sin a choinneáil ar bun agus iad féin agus a dteaghlaigh a choinneáil sa réigiún. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás oibrithe inimirceacha a bhfuil cead cónaithe acu atá nasctha leis an obair.

20. Is lárionad tábhachtach don tionscal muirí é Turku, atá suite thart ar 70 km ó Uusikaupunki, ina bhfuil ráchairt i gcónaí ar speisialtóirí teicniúla. I measc na n-oibrithe ar chuir Valmet Automotive ar iomarcaíocht iad, d’fhéadfadh go leor acu fostaíocht nua a aimsiú sa tionscal muirí trí threoir shaineolach nó trí oiliúint bhreise speisialtóireachta. Tá pacáiste tacaíochta CED ceaptha cuidiú leis na hoibrithe

[7] Statistics Finland: Työttömien työnhakijoiden osuus työvoimasta kk:n lopussa
[8] Statistics Finland: Alle 25-vuotiaiden työttömien työnhakijoiden osuus alle 25-vuotiaasta työvoimasta
[9] Statistics Finland: Työnvälitystilasto
[10] Statistics Finland: Työnvälitystilasto
[11] Statistics Finland: Työnvälitystilasto

iomarcacha a scileanna a ailíniú le héileamh scileanna na bhfostóirí i réigiúin Uusikaupunki agus Turku.

**Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú**

21. Thug an Fhionlainn tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú. Tá tacaíocht CED ceaptha a bheith comhsheasmhach le Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh trí luath-idirghabháil, bearta gníomhacha margaidh saothair agus pacáistí tacaíochta comhordaithe a threisiú. Déanann coiste faireacháin an chláir, ar a bhfuil ionadaithe as measc aireachtaí, réigiún agus comhpháirtithe sóisialta, formhaoirseacht ar chur chun feidhme, ar éifeachtacht agus ar ailíniú le cuspóirí straitéiseacha, agus áirithíonn sé go n-úsáidtear cistí an Aontais agus acmhainní náisiúnta ar bhealach comhlántach comhordaithe.

22. Maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe iomarcacha, thuairiscigh an Fhionlainn gur cuireadh tús leis na seirbhísí fostaíochta do na hoibrithe dífhostaithe an lá a eisíodh na fógraí foirceanta, lena n-áirítear, mar shampla, roinnt seisiúin faisnéise agus comhairleoireacht duine le duine. Cuireadh tús leis an gcéad oiliúint cuardaigh poist d’iar-oibrithe Valmet Automotive an 23 Márta 2026.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á gcistiú as cistí náisiúnta nó as cistí de chuid an Aontais*

23. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos agus a gheobhaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Fhionlainn nach bhfaighidh na bearta sin ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais de bhreis air sin.

24. Leis an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, comhlánaítear gníomhaíochtaí a chistítear le cistí náisiúnta eile nó le cistí eile de chuid an Aontais.

*Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

25. Tá sé curtha in iúl ag an bhFionlainn gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le saineolaithe agus comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691. Tá tacaíocht CED á plé ó bhí mí na Nollag 2025 ann sa ghrúpa stiúrtha um athrú struchtúrach tobann réigiúnach, ina bhfuil páirtithe leasmhara réigiúnacha agus an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta rannpháirteach. Comhaontaíodh an pacáiste deiridh beart i gcruinniú leis na seirbhísí poiblí fostaíochta agus le hionadaithe fostaithe agus fostóirí an 4 Bealtaine 2026.

**Na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu agus na bearta atá beartaithe**

*Na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu*

26. Meastar gur 233 an líon oibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta. De bhun Airteagal 8(7), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/691, is é seo a leanas miondealú na n-oibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais:

| Catagóir | An líon tairbhithe a mheastar |
|---|---|

| | | a bheidh ann | |
|---|---|---|---|
| Inscne: | Fir: | 164 | (70,4 %) |
| | Mná: | 69 | (29,6 %) |
| | Neamh-dhénártha | 0 | (0,0 %) |
| Aoisghrúpa: | Faoi bhun 30 bliain: | 19 | (8,1 %) |
| | 30-54 bliana: | 150 | (64,4 %) |
| | Os cionn 54 bliana: | 64 | (27,5 %) |
| Leibhéal oideachais | Oideachas meánscoile sóisearach, nó níos lú ná sin[12] | 49 | (21,0 %) |
| | Oideachas meánscoile sinsearach[13] nó oideachas iar-mheánscoile[14] | 173 | (74,2 %) |
| | Oideachas treasach[15] | 11 | (4,7 %) |

*Bearta atá beartaithe*

27. De bhun Airteagal 8(7), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/691, is iad na bearta seo a leanas atá sa phacáiste comhordaithe pearsanaithe atá le soláthar d'oibrithe iomarcacha:

– Oiliúint cuardaigh poist: Faigheann na rannpháirtithe eolas faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do chuardaitheoirí poist, agus oiliúint chun a n-ath-imeascadh sa mhargadh saothair a leagan amach. Gheobhaidh siad cleachtadh ar iarratas a dhéanamh ar phoist trína CVanna a tharraingt suas nó a thabhairt cothrom le dáta agus trí iarratais iarbhír ar phoist a scríobh. Déanfaidh saineolaithe atá tiomnaithe don tionscadal agallaimh phearsanta i dteannta measúnaithe staide. Tabharfar aird ar leith ar na rannpháirtithe sin ar gá dóibh feabhas a chur ar a scileanna digiteacha chun a scileanna cuardaigh poist agus/nó a staid i margadh an tsaothair a fheabhsú.

– Cóitseáil phoist agus ghairme: Le cóitseáil phoist, cuirtear treoraíocht ghinearálta ar fáil maidir le fostaíocht a chuardach, ach féadtar a bheith san áireamh léi freisin cóitseálaí pearsanta a sholáthraíonn cúnamh pearsantaithe. I gcás cóitseáil ghairme, soláthraítear tacaíocht phearsantaithe do na rannpháirtithe chun cuidiú leo a ngairmréim oibre a phleanáil, lena n-áirítear athruithe féideartha gairme nó earnála, mar aon leis an mapáil inniúlachtaí/scileanna is gá. Más gá, is féidir cláir thacaíochta níos fadtéarmaí,

12 ISCED 0-2
13 ISCED 3
14 ISCED 4
15 ISCED 5-8

in éineacht le cleachtaí grúpa-bhunaithe, a sholáthar. Féadfaidh tréimhsí tosaigh in áit oibre amháin nó i roinnt áiteanna oibre a bheith san áireamh leo sin freisin.

– Gairmoiliúint: Is é sprioc na gairmoiliúna scileanna a shealbhú a thacaíonn leis an aistriú chuig earnáil nua ina bhfuil ráta ard fostaíochta.

– Cártaí sábháilteachta agus inniúlachta ceirde: Is éard is cártaí sábháilteachta agus inniúlachta ceirde ann deimhnithe oilteachta a aithnítear go náisiúnta i scileanna éagsúla a bhaineann leis an tsábháilteacht. Is féidir na cártaí sin a fháil ach cúrsa foghlama agus triail chaighdeánaithe a chur i gcrích.

– Oiliúint teanga: Cuirfear oiliúint san Fhionlainnis, oiliúint a bheidh dírithe ar an margadh saothair, ar fáil do na tairbhithe sin nach leor a n-inniúlacht san Fhionlainnis chun athfhostú tapa a bhaint amach.

– Deontas le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta: Leis an deontas le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, áirithítear go mbeidh ioncam ag daoine óga atá ag iarraidh gnólacht a bhunú le linn na tréimhse a mheastar a mbeidh gá léi chun gnólacht lánaimseartha a sheoladh agus a bhunú, tréimhse suas le 12 mhí ar a mhéad.

– Dreasachtaí agus liúntais: Le fóirdheontais phá, laghdaítear an tairseach earcaíochta trí chostais phárolla an fhostóra nua a laghdú. Tá sé d’aidhm ag an méid sin cuidiú leis na cuardaitheoirí poist feabhas a chur ar a n-inniúlacht ghairmiúil sa mhargadh saothair oscailte. Is iondúil gurb é 50 % de na costais phárolla méid an fhóirdheontais pá; braitheann fad na tréimhse fóirdheonaithe ar fhad na tréimhse dífhostaíochta roimhe sin.

28. Le raon oiliúint TFC agus tacaíochta breise, a bheidh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar leibhéal scileanna digiteacha na dtairbhithe, freastalófar ar scaipeadh na scileanna is gá sa ré dhigiteach thionsclaíoch agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/691.

29. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair iad atá laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

30. Sholáthair an Fhionlainn an fhaisnéis is gá maidir le bearta atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2021/691, tá sé deimhnithe ag an bhFionlainn nach gcuirfear ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

*Buiséad measta*

Is é EUR 683 850 luach na gcostas measta iomlán, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 663 850 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 20 000 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

31. Is é EUR 410 310 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ó CED.

32. De bhun Airteagal 8(7), pointe (m) de Rialachán (AE) 2021/691, shonraigh an Fhionlainn gurb é Réigiún Fostaíochta Turku a sholáthraíonn an réamh-mhaoiniú agus an comhchistiú náisiúnta.

| Bearta | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[16] | Costais mheasta iomlána *(EUR)*[17] |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691) | | | |
| Oiliúint cuardaigh poist | 233 | 968 | 225 600 |
| Cóitseáil phoist agus ghairme | 70 | 675 | 47 250 |
| Gairmoiliúint | 16 | 5 000 | 80 000 |
| Cártaí sábháilteachta agus inniúlachta ceirde | 20 | 150 | 3 000 |
| Oiliúint teanga | 40 | 750 | 30 000 |
| Deontas le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta | 5 | 9 600 | 48 000 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 433 850<br>(65,35 %) |
| Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691) | | | |
| Fóirdheontas pá | 23 | 10 000 | 230 000 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 230 000<br>(34,65 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691 | | | |

16 Chun deachúlacha a sheachaint, déantar an figiúr a shlánú i gcás na gcostas measta in aghaidh an oibrí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Fhionlainn isteach.

17 Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn suimeanna na n-iomlán le chéile.

| | | |
|---|---|---|
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | 2 000 |
| 2. Bainistíocht | – | 12 000 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | 5 000 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | 1 000 |
| Fo-iomlán (c):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | 20 000<br>(2,92 %) |
| Costais iomlána (a + b + c): | – | 683 850 |
| Ranníocaíocht CED (60 % de na costais iomlána) | – | 410 310 |

33. Costais na mbeart a shainaithnítear sa tábla thuas mar bhearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/691, ní mó iad ná 35 % de na costais iomlána le haghaidh an phacáiste chomhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Fhionlainn go ngabhann coinníoll leis na bearta sin, is é sin nach mór do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist nó i ngníomhaíochtaí oiliúna.

34. I gcomhréir le hAirteagal 7(2), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/691, dheimhnigh an Fhionlainn, maidir le costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ó fhostaithe, nach mbeidh na costais sin níos mó ná EUR 22 000 in aghaidh an tairbhí.

*Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais*

35. An 23 Márta 2026, chuir an Fhionlainn tús leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas é a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 23 Márta 2026 go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

36. An 23 Márta 2026, thosaigh an Fhionlainn ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 23 Márta 2026 go dtí 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

**Córais bhainistíochta agus rialaithe**

37. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe a cheanglaítear faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/691, agus sonraítear sa tuairisc sin freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Thug an Fhionlainn fógra don Choimisiún gurb í an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta a bhainisteoidh agus a rialóidh an ranníocaíocht airgeadais, is é sin, na haonaid chéanna atá ina n-údarás bainistithe agus deimhniúcháin le haghaidh CSE+ san Fhionlainn. Is í an iniúchóireacht inmheánach neamhspleách faoi údarás Bhuanrúnaí na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíocha agus Gnóthaí Eacnamaíocha Fostaíochta a fheidhmíonn mar an t-údarás iniúchóireachta le haghaidh CED.

**Gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

38. Thug an Fhionlainn na dearbhuithe uile a theastaíonn maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus um neamh-idirdhealú a mhéid a bhaineann leis an rochtain ar na bearta atá beartaithe agus cur chun feidhme na mbeart sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

### Togra buiséadach

39. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[18].

40. Agus scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/691, agus tar éis é an líon tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, na bearta atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, molann an Coimisiún EUR 410 310 a shlógadh ó CED, arb é atá ann 60 % de chostais iomlána na mbeart atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an iarratais.

41. An cinneadh atá beartaithe maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh é de bhun Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/691 agus, mar a leagtar síos i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[19].

### Gníomhartha gaolmhara

42. An tráth céanna a thíolacfaidh an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh sé togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh EUR 410 310 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

43. An tráth céanna a ghlac sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, ghlac an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[20]. Tiocfaidh an cinneadh maoiniúcháin sin i bhfeidhm an dáta a gheobhaidh an Coimisiún fógra go bhfuil an t-aistriú buiséadach formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, de bhun Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/691.

---

[18] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

[19] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

[20] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

2026/0220 (BUD)

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFionlainn – EGF/2026/003 FI/Valmet Automotive

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[21], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[22], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[23], agus in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) An 5 Bealtaine 2026, thíolaic an Fhionlainn iarratas chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí oibrithe in Valmet Automotive agus i gcúig fhochonraitheoir agus sholáthróir san Fhionlainn. Rinneadh é a fhorlíonadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíontar leis an iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691, ar bhonn an

21 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

22 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

23 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

mheasúnaithe a rinne an Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 410 310 a sholáthar i leith an iarratais a thíolaic an Fhionlainn.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2026, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 410 310 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [dáta a ghlactha][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

[24] COM (2026) 400

[*] Tá an dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula ndéantar an foilsiú san Iris Oifigiúil.